

❖ An Lúibín ❖

21 Deireadh Fómhair 2023

Deireadh le Feasta

It has been announced that Feasta, one of the oldest Irish-language literary magazines, is to cease publication for want of funding.

Tá deireadh ag teacht le *Feasta*, an iris chluíteach Ghaeilge a cuireadh ar bun in 1948 agus baint aici le Conradh na Gaeilge. Foilsíodh beagnach 900 eagrán ó shin.

D'fhaigheadh *Feasta* maoiniú ó Fhoras na Gaeilge ach tháinig deireadh leis sin in 2014. Le blianta beaga anuas bhí airgead ar fáil ón gConradh agus ón gComhairle Ealaíon, ach níor leor sin chun *Feasta* a chur chun cinn. Tháinig laghdú ar an méid leathanach agus bhí costas cló agus postais ag dul i méad. Tháinig deireadh leis na heagráin ar líne chomh maith.

Mar a dúirt Julian de Spáinn, Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, is iad *Comhar* agus *An Timire* an t-aon dá iris 'rialta' a bhíonn á gcur i gcló i nGaeilge anois, agus ba chóir níos mó irisí Gaeilge a bheith ann.

Is iomaí scéal agus dán le heagarthóir *An Lúibín* a foilsíodh ar *Feasta*. Ba mhór an babhta ar an iris laghdú an mhaoinithe agus ba léir a rian – an tanú agus an tréigean. Má thagann sí ar an bhfód arís beidh fáilte roimpi. Beidh le féachaint.



Na filí abú

A new enterprise for all poets.

File Francach is ea Francis Combes agus é tar éis tionscadal a bhunú ar a dtugtar Filí an Phláinéid. Líonra atá i gceist agus aidhm aige an éagsúlacht fhileata a chothú.

Is dóigh le Combes agus a chomhghleacaithe nach mór do na filí dul i bpáirt le chéile, go háirithe sa lá atá inniu ann, agus aithne níos fearr a chur ar a chéile, go háirithe na filí úd a bhíonn ag smaoinreamh ar a bhfuil i ndán don domhan:

Tá gá againn le filíocht mar nach meaisíní sinn ach daoine. Tá gá againn le filíocht chun lóchrann an dóchais agus na háilleachta a choinneáil ar lasadh.

Más file thú, cuir dán amháin leat (agus leagan Fraincise nó leagan Béarla de) chun Francis Combes, mar aon le grianghraf, beathaisnéis ghairid, agus gearrliosta leabhar uait maraon le sonraí teagmhála: combes-francis@orange.fr.



Súil an strainséara

In the 17th century especially, English travellers published their impressions of Irish cities and landscapes. Much can be learned from them, even when the prejudice is plain.

Is annamh a chuireadh na hÉireannaigh síos ar thopografaíocht fhisiciúil a dtíre féin. (Scéal eile is ea an dinnseanchas). Bhí seantaithí dhúchasach acu uirthi, ar ndóigh, rud nárbh fhíor do na Sasanaigh a tháinig go hÉirinn agus a scrúdaigh a raibh ann le súil strainséara, go háirithe sa 17ú haois. Tá a lán le foghlaim óna gcuid cuntas, mar sin féin, cé nach é an moladh atá acu i gcónaí.

Thug William Lithgow cuairt ar Éirinn i dtús an 17ú haois agus d'fhoilsigh *Rare Adventures in Ireland* in 1619¹.

And this I dare avow, there are more rivers, lakes, brooks, strands, quagmires, bogs, and marshes in this country, than in all Christendom besides; for travelling there in the winter, all my daily solace was sinkdown comfort; sometimes boggy plunging deeps, touching my horse's belly; sometimes over-mired saddle, body, and all; and often and ever set a swimming, in great danger, both I and my guides, of our lives; that for cloudy and fountain-bred perils, I was never before reduced to such a floating labyrinth. Considering that, in five months space, I quite spoiled six horses, and myself as tired as the worst of them.

B'in í an tuath aige agus í ina comhartha, dar leis, ar staid na tíre trí chéile. Sraoilleachas, meisce, piseoga: 'And now, amongst many, there are two intolerable abuses of protections in that kingdom; the one of thieves and wood-carns, the other of priests and Papists'.



Portach i gConamara: crá croí an tSasanaigh
Wikimedia Commons

Thug taistealaithe eile a mhalairt de chuntas ar na cathracha, áiteanna a raibh cuma aithnidiúil dhea-riartha orthu - cuma saghas Sasanach. Is mór an trua é, dála an scéil, nár caomhnaíodh i bhfad níos mó de na seanfhoirgnimh is eile mar a rinneadh i gcathracha áirithe ar an mór-roinn, cé go bhfuil na hiarsmaí ann. Bhí William Brereton (*Travels of Sir William Brereton in Ireland, 1635*²) orthu siúd a chuaigh ag taisteal ó chathair go cathair.


We came to the city of Dublin, July 9, about 10 hour. This is the metropolis of the kingdom of Ireland, and is beyond all exception the fairest, richest, best-built city I have met with in this journey (except York and Newcastle). It is far beyond Edinborough; only one street in Edinborough (the great long street) surpasseth any street here.

This city of Dublin so called, it is seated upon the river Liffie, which is not navigable about the bridge, nor far, nor flows not above one mile higher. The river is no good channel, but full of shelves and sands;

¹ <https://celt.ucc.ie/published/E610003-001/index.html>

² <https://celt.ucc.ie/published/E630001/index.html>

and here is a very vile barred haven, over which few ships can pass that carry four hundred ton or thereabouts. The harbour here is very naked, plain, and the least shelter and protection from storms that I have found in any haven...



John Speed: Baile Átha Cliath 1610
Wikimedia Commons

Thug sé a aghaidh ansin ar Bhaile Aicéid, le cabhair ó threoraí, ‘by whose direction we arrived at eleven hour at Hacquetts Town, where we lodged in a little low, poor thatched castle’. Uaidh sin thug sé a aghaidh ar Loch Garman, agus luann sé scrios na gcoillte:

We passed through Sir Morgan Kavanagh's woods, wherein (we were informed in the morning at Carnew [*Carn an Bhua*]) there were lurking about sixteen stout rebels, well appointed, every of them with his pistols, skene, and darts; they have also four long pieces, but we saw none, only we had one lusty fellow in jealousy [*i bhfolach*] in the wood. Herein there hath been good store of good timber, though now there remains little timber useful, save to burn, and such as cumbreth the ground, but they say he hath better timber in his more remote woods from the river. This is a commodity which will be much wanting in this kingdom, and is now very dear at Dublin.

Bhain sé Loch Garman amach faoi dheireadh, agus thóg sé ceann ar leith don ché, ‘as good a quay as I have known either in England or observed in all my travels’.

A ship of three hundred may come close to these quays. This quay is made all along the river side without the walls, and divers fair and convenient buttresses made about twenty yards long, which go towards the channel. I saw the river at a spring tide flow even with the top of this quay, and yet near the quay a ship of three hundred ton full loaden may float at a low water. Upon this river stand divers forts and castles which command it.



An Túr Faire, Loch Garman
Wikimedia Commons

Cuireann an méid sin lena raibh le rá tamall de bhlianta roimhe sin ag Luke Gernon in *A Discourse of Ireland, anno 1620*, agus é ag cur síos ar Loch Garman:

The buildings are of English forme, and well compact. There is a fayre cathedrall, but her beauty is in the key [quay], for the wall of the towne extending for neare half a mile along the water, between that and the water, there is a broad key maynly fortified with stone and stronge piles of timber, wheer a shipp of the burden of 1000 tunnes may ryde at anchor.

Thug Gernon cuairt ar Chorcaí, Luimneach agus Cill Chainnigh chomh maith.

Cork is a porte of the sea also, but stands in a very bogge and is unhealthy. The building is of stone, and built after the Irish forme, which is Castlewise, and with narrow windows more for strength then for beauty, but they begin to beautify it in better forme. There is the quarry of redd marble, which maketh the towne appeare of a ruddy colour.

Deir sé go bhfuil Luimneach roinnte ina dhá chuid, 'the high towne, which is compassed with the Shanon, and the base towne...'. Bhí múr an bhaile íochtair chomh mór sin 'that travaylers affirme, they have not scene the like in Europe. It is a mile in compasse, and three men a breast may walke the round'. Bhí tithe na coda uachtair déanta de mharmar: 'In the highe streete it is builte from one gate to the other in one forme, like the Colledges in Oxford, so magnificent that at my first entrance it did amase me, sed *intus cadavera*³, noysome, & stincking houses'.

Ba mhaith leis múr na cé agus é ag síneadh amach i lár na habhann.

It is in lengthe about 200 paces, and it is a double wall. In the botome it is a mayne thicknes, and so continueth untill it be raysed above high water. Then there is within it a long gallery arched over head, and with windowes most pleasant to walke in, and above that a tarace to walke upon with fayre battlements, at the end of it there is a round tower with two or three chambers, one above the other, and a battlement above.

³ Laidin: 'corpáin istigh' – tagairt mheafarach don bhréantas.



Caisleán Rí Seon i Luimneach
Wikimedia Commons

Agus mhol Gernon Cill Chainnigh:

It is prayed for the wholsom ayer, and delightfull orchards and gardens, which are somewhat rare in Ireland. The houses are of grey marble fayrely builte, the fronts of theyr houses are supported (most of them) with pillars, or arches under which there is an open pavement to walke on.



An taobh thiar de Theach Rúit, Cill Chainnigh – 16ú-17ú haois
Wikimedia Commons

Bhí meas iasachta ag Sasanaigh ar Éirinn. Ní luaitear an Ghaeilge sna tuairiscí thuas, mar rinneadh talamh slán de go raibh a dteanga féin ag na hÉireannaigh, cé go raibh Béarla go leor á labhairt chun an bealach a réiteach don Sasanach. Na hÉireannaigh a raibh Béarla acu, ar ndóigh, bheadh a saíth Gaeilge acu de ghnáth. Is beag tuiscint a bhí ag na taistealaithe ar dhúchas na tíre agus iad ag tabhairt leo meon agus aigne eile, direach mar a dhéanfaidís ar thuras go dtí an tSualainn nó go dtí an Ísiltír. B'fhaoiseamh dóibh na cathracha agus iad 'of English forme,' cé go gcloisfeá Gaeilge á labhairt i ngach sráid. An gnáth-Éireannach a rachadh siar ina mheaisín ama ón lá inniu rachadh sé ann ina eachtrannach amhail Sasanach ar bith, é gan Ghaeilge gan tuiscint. Scéal eile é sin.



Brandubh agus Aodhán

A story in Middle Irish about two pairs of nobly-born twins, two boys and two girls. Consequences follow when a boy is exchanged for a girl. Here rendered in Modern Irish.

Dhá chúpla (beirt iníonacha agus beirt mhac), mac agus iníon á malartú, agus scéal á leanúint. Sin 'Gein Branduib maic Echach agus Aedá in maic Gabráin' ('Breith Bhranduibh mhic Eochach agus Aodhán mhic Ghabhráin'), scéal Meán-Ghaeilge a scríobhadh timpeall 1130.

Bhí Áedán mac Gabráin (Aodhán mac Ghabhráin) ina rí ar Dhál Riada ó c. 574 go c. 609 AD. Tá sé le fáil mar phearsa ina lán scéalta, fiú i scéalta de chuid na Breataine Bige. In 'Gein Branduib maic Echach agus Aedá in maic Gabráin' tá leathchúpla dearthár aige, Brandub mac Echach (Brandubh mac Eochach). Bhí an Brandubh sin ina rí de chuid Uí Chinsealaigh i gCúige Laighean agus fuair bás in 605 AD. Ní dócha go raibh an bheirt ina gcúpla i

ndáiríre, cé go mb'fhéidir go raibh siad ina gcomhaltaí (i.e. gaol altrama acu le chéile, de réir nós an tseansaoil), mar a luaitear sa téacs.

Tá leagan den scéal seo ag Cétinn in *Foras Feasa ar Éirinn*, ach tá sonraí an tseanleagain seo níos suimiúla.

Is iad an fir atá chun tosaigh sa scéal, ós iad is mó atá ainmnithe: ní luaitear ainmneacha an chúpla bhaininn ná ainm a máthar, cé go n-ainmnítear Feilim, máthar na mac.

Luaitear draoi agus baisteadh le chéile sa téacs, meascán ait den pháigánachas agus den Chríostaíocht.

Breith Bhranduibh mhic Eochach agus Aodháin mhic Ghabhráin

Ba iad Eochaidh⁴ agus Faolán dhá mhac Mhuirígh mac Aonghusa mhic Fheilimí mhic Éanna mhic Labhrú mhic Bhreasail Bhéalaigh mhic Fhiachach Bhacaí mhic Chathair. Dhíbir an Faolán seo Eochaidh ó thír thar muir go hAlbain, áit a raibh sé le Gabhrán mac Dhomhanghairt mhic Fhearghusa Mhóir mhic Eirc mhic Eochach Mhuinreamhair.

Bhí a bhean i dteannta Eochach .i. Feilim iníon Fheilimí Fhionnléith mhic Chobhthaigh mhic Chriomhthainn mhic Naithí mhic Fhiachrach. Ba thorrach Feilim bean Eochach agus b'amhlaidh do bhean Ghabhráin freisin. Rug siad clann in aon oíche. Bhí dhá mhac ag bean Eochach agus dhá iníon ag bean Ghabhráin.

'Cé rug tú?' a dúirt bean Ghabhráin.

'Tá dhá mhac agam anseo,' a dúirt bean Eochach.

'Tá dhá iníon agamsa anseo, rud nach annamh,' a dúirt bean Ghabhráin. 'Teasairg mé agus tabhair dom an dara mac agus beir uaim an dara hiníon. Mo mhionn óir agus mo bhraisléad, mo dhealg agus mo ghúna duit.'

'Tóg é seo,' a dúirt Feilim. Agus chuir Feilim gráinne óir faoi shlinneán Aodháin agus thug uaithe an mac sin agus rug iníon ón mbean eile, go raibh mac agus iníon ag ceachtar acu.

Baisteadh na mic ar dtús agus an dá iníon ina dhiaidh sin. Agus dúirt an draoi i rith an bhaiste: 'Ná bíodh náire oraibh, a mhná, is cúpla iad an dá mhac agus is cúpla iad an dá iníon'. Agus tugadh Aodhán agus Brandubh ar na mic.

Ba chomhaltaí an dá mhac ansin, go ndeachaigh Eochaidh mac Mhuirígh chun a thír féin agus Brandubh leis, agus ghabh an mac sin Cúige Laighean ina dhiaidh sin. Ghabh Aodhán ríocht na hAlban.

Ba mhór uaill agus borrachas Aodháin. Chuaigh sé ar slógadh go hÉirinn ag iarraidh ríocht na hÉireann. Mar ba cheart aige dó .i. óna sheanathair, ó Chairbre Rífhada mac Chonaire Mhóir mhic Eadairsceoil mhic Eoghain mhic Ailealla Áin mhic Iair mhic Dheadaidh mhic Shin.

Is amhlaidh a chuaigh Aodhán le hAlbanaigh agus Breatnaigh agus Sasanaigh ag ionradh na hÉireann. Agus chuaigh sé go Cúige Laighean ag éileamh gialla ar Bhrandubh. A mháthair a bhí abhus, agus chuaigh sí ag iarraidh cairde⁵ ar Aodhán. Agus dúirt sí: 'Onóir agus ádh duit, a mhic Ghabhráin! Ba chóir dúinn fáiltiú romhat ar son d'athar agus do mháthar. Agus an dtiocfa ar leith ag caint liomsa?'

'Cad as don bhean?' a dúirt cách.

'Máthair Bhranduibh atá ansin,' a dúirt Aodhán. 'Ós cailleadh mo mháthairse,' a dúirt, 'rachaimid ag caint le cailleadh eile.'

'An beo í do mháthair?' a dúirt sí.

⁴ Eochaidh/Eocha, gineadach Eochach. Baint ag an ainm le 'each'.

⁵ Cairde: 'truce'

'Is beo go deimhin,' a dúirt Aodhán.

'Beannacht orainn. Dia ar a beatha!' a dúirt sí.

'Cad atá uait, a chailleach?'

'Cairde do mo mhac den chor seo ar son do chairdis. Mar is é Eochaidh mac Mhuirígh d'athair, agus is mise do mháthair, agus is é Brandubh do dheartháir. Mar níor rug bean Ghabhráin ach iníonacha agus níor rug mise ach mic. Agus mhalartaíomar mac agus iníon. Agus tá comhartha uaimse ionat .i. gráinne óir a bhí i gceann mo dheilge graif⁶ agus atá faoi do shlinneán clé.'

Agus tógadh an gráinne as agus líon sé a leaba sa dhealg.

Chuaigh Brandubh chun cainte le hAodhán agus rinne siad a gcairdeas a dhearbhu. Comhbhá agus comhthuiscint eatarthu ón uair sin.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Cailleadh

Chaill tú ar na cártaí
i gcluiche na cinniúna
nár chreid tú riamh ann
is féach ar fán anois thú
ag ríomh do scéil
faoi bhéal an aeir
i gcuideachta na gaoithe

Le teacht

Faoin am sin bhí tú tuirseach
den turas
is mhoilligh tú anseo
le luí na gréine
ag feitheamh
leis an teachtaire anaithnid
a thabharfadh chugat
pé ní a bhí i ndán duit
ag bronnadh ort do dhualgais

⁶ Dealg ghraif : uirlis scríbhneoireachta, peann